

Conradh na Gaeilge,  
An Nasc,  
199 Bóthar na bhFál,  
Béal Feirste,  
BT12 6FB.

Seirbhísí Tomhaltóra/ Lárionad Teagmhála Translink,  
Foirgneamh Iosta B Adelaide,  
8 Bóthar Fabhcúin,  
Béal Feirste,  
BT12 6PU.

19 Meán Fómhair, 2018

Tag: Comharthaí dátheangacha leictreonach ar Glider

A Chara,

Táim ag scríobh chugat maidir leis na socraithe atá le déanamh maidir le comharthaíocht leictreonach ar an seirbhís nua 'Glider'. Tá sé feicthe agam sna meáin <https://www.belfasttelegraph.co.uk/sunday-life/news/bilingual-glider-signs-to-change-to-english-only-midway-through-route-37319558.html> go mbeidh comharthaí dátheangacha leictreonach ar an mbus nua Glider, rud atá le moladh agus tá na comharthaí dátheangacha agaibh le blianta anuas a léiríonn bhur dáiríreacht i dtaobh dátheangachas a chur i bhfeidhm i bhur comhlacht. Ach baineadh stangadh asam nuair a chonaic mé go mbeidh sé ar intinn agaibh na comharthaí dátheangacha leictreonach a athrú go comharthaí aonteangach leictreonach in oirthear Bhéal Feirste. Ní le ceantar amháin an Ghaeilge, ná fiú amháin pobal amháin an Ghaeilge. Is linne uilig í.

Mar sin impímid oraibh an cinneadh seo a athrú agus cinntiú go mbeidh comharthaí dátheangacha ar fáil ar an mbealach uilig a bhéas an Glider ag taistil ar na fáthanna seo:

1. Faoi Airteagal 10.2 de Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh deireann sé 'I dtaca le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bhfuil call ar a gcríoch leis na bearta atá sonraithe thíos toisc líon na gcónaitheoirí a úsáideann na teangacha réigiúnacha nó mionlaigh, gabhann na Páirtithe ar láimh: (g) foirmeacha traidisiúnta cearta de logainmneacha i dteangacha réigiúnacha nó mionlaigh a úsáid nó a ghlacadh in éineacht más gá, leis an ainm sa teanga oifigiúil nó sna teangacha oifigiúla'.
2. Tagann na logainmneacha in Oirthear Bhéal Feirste ó nGaeilge, mar shampla Short Strand ón Trá Ghearr nó Newtownards Road ó Bhóthar Bhaile Nua na hArda, Knock Road ó Bhóthair an Chnoic agus Old Dundonald Road ó Shean-Bhóthair Dhún Dónaill.
3. Deireann 1,352 daoine in Oirthear Bhéal Feirste i nDaonáireamh 2011 go bhfuil siad in ann Gaeilge a léamh, an bhfuil neamhard le déanamh orthu siúd.
4. Tá níos mó ná 8,000 daoine tar éis a bheith páirteach in imeachtaí a d'eagraigh Turas, an eagraíocht Gaeilge i Lárionad Skainos in Oirthear Bhéal Feirste. Tá 200 daoine ag foghlaim Gaeilge ansin freisin, an méid is mó foghlaimoirí Gaeilge de aon áit eile i mBéal Feirste. <https://www.rte.ie/news/nuacht/2018/0531/967295-ranganna-gaeilge-ag-cur-le-hathmhuintearas-o-thuaidh-taighde-tcd/>. Go leor dóibh a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge is de bharr a fhiosracht maidir le ciall an logainm.

5. Tá sé ag déanamh leatrom ar an teanga, nuair nach gá.
6. Ar eagla go bhfuil seo á dhéanamh ar an bhonn nach cuirfidh sé isteach ar aontachtóirí, tháinig go leor de sinsear na n-aontachtóirí ó Phlandáil Uladh, a tháinig formhór dóibh ó Albain agus formhór dóibh siúd a labhair Gaeilge, gan trácht ar na plandálaithe a tháinig ó Oileán Mhanainn a raibh Gaeilge acu freisin (de réir leabhar Uí Snodaigh, A Hidden Ulster, Protestants and the Irish language). Mar sin tríd an Ghaeilge á chur faoi cheilt, tá tú ag chur oidhreacht formhór muintir na háite faoi cheilt freisin.

Le gach dea ghuí,

**Caoimhín Ó Cadhla**

**Feidhmeannach Taighde agus Anailíse - Conradh na Gaeilge**

+353 (0)1 4757401 | [caoimhinoc@cnag.ie](mailto:caoimhinoc@cnag.ie) | [taighde@cnag.ie](mailto:taighde@cnag.ie)